

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Bainisteoir Comhairleacha Iascaigh (PC)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
23 Deireadh Fómhair 2024



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

## Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

## Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Bainisteoir Comhairleacha Iascaigh (PC) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara<br>(Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Bainisteoir, Aonad Faisnéise Gnó. |
| Grúpa Seirbhíse: | An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Tá an tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ASES) freagrach as sonraí eacnamaíochta ar bhia mara ar fud an domhain a bhailiú, agus measúnú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn treoir luachmhar thráchtála a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann de réir mar a thugann sé aghaidh ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag athrú. Tacaíonn an ASES le BIM chun straitéisí a chruthú d'fhorbairt tionscail bunaithe ar anailís daingean a dhéanamh ar shonraí, eolas agus treochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna a aithint, mar aon le bheith ag cur le cumas BIM i ndáil le húsáid sonraí chun léargais a chur ar fáil a dhéanann eolas do chinnteoireacht ag leibhéal eagraíochta.<br><br>Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad tacaíocht theicniúil agus léargas ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), do thionscal bia mara na hÉireann, d'Fhoras na Mara agus don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) ar réimsí beartais iascaigh mar deiseanna iascaireachta, bearta teicniúla, an oibleagáid maidir le tabhairt i dtír éisc, pleananna ilbhliantúla agus beartas flíteanna, mar aon le haon dúshláin atá ag an tionscal bia mara. |



## Achoimre ar an Ról

Cuideoidh an Bainisteoir Comhairleacha Iascaigh leis an Stiúrthóir ESSU chun tacaíocht theicniúil agus sainchomhairle a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus d'earnáil bia mara na hÉireann i gcoitinne maidir le saincheisteanna beartais náisiúnta agus AE. Áirítear orthu sin treoir a dhéanfaidh eolas do na seasaimh idirbheartaíochta chun tacú le comhairle beartais iascaigh le béim ar Chomhbheartas Iascaigh, an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an AE agus an Ríocht Aontaithe chomh maith le réimsí beartais eile a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus an earnáil gabhála.

Ina theannta sin beidh an Bainisteoir Seirbhísí Comhairleacha Iascaigh freagrach as tacaíocht theicniúil a chur ar fáil chun cuidiú le tionscadail a chur i gcrích a bhaineann le hiascach gabhála atá maoinithe faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF). Áirítear orthu sin páirt a ghlacadh i mbeartas plean oibre BIM atá os comhair tionscadal atá maoinithe faoin EMFAF, ról lárnach eile den phost ná ról BIM i dtionscadail mhóra phan-Eorpacha atá maoinithe ag an AE faoin gclár Fís Eorpach a éascú agus a chomhordú.
Tá sé ríthábhachtach do BIM go bhfuil eolas mionsonraithe ar bheartas iascaigh léirithe ag an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi, go bhfuil scileanna cumarsáide as cuimse aige/aici, agus go bhfuil sé/sí ábalta páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú go cúramach agus é mar aidhm caidrimh dhearfacha a chothú agus a choinneáil ar bhonn leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara tionscail agus le ranna Rialtais.

## Cúlra leis an Riachtanas:

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe. Tá baol eiseach fadtéarmach ann d'earnáil bia mara na hÉireann agus go háirithe don chabhlach iascaigh ar fud réimse saincheisteanna, idir thionchair an Bhreatimeachta agus iomaíocht do spás, an t-athrú aeráide agus reachtaíocht chomhshaoil atá ag éirí níos déine i gcónaí.  Tá sé ríthábhachtach tuiscint a bheith agat ar na tionchair agus impleachtaí a bhaineann le hathruithe den chineál sin chun cuidiú leis an Rialtas agus leis an earnáil an bealach is fearr chun cinn a threorú in ainneoin na ndúshlán sin.

Mar an ghníomhaireacht atá freagrach as an earnáil bia mara a fhorbairt, ní mór do BIM tacaíocht theicniúil agus comhairle a chur ar fáil maidir le hearnáil bia mara na hÉireann don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, do ranna Rialtais eile agus don Choimisiún Eorpach i ndáil le beartas iascaigh náisiúnta agus AE. Tá BIM tiomanta do chúnamh a thabhairt do thionscal bia mara na hÉireann chun tuiscint a fháil ar an reachtaíocht sin. Cuirtear le tacaíocht a chuir BIM ar fáil cheana féin atá dírithe ar shonraí eacnamaíochta trí léargais ar bheartas a chur ar fáil. Tá ar BIM tacaíocht den chineál sin a chur ar fáil ar bhonn ad hoc, le hamanna seachadta tapa de ghnáth agus mar sin ní mór a bheith sofhreagrúil le go mbeifear in ann comhairle a chur ar fáil go tráthúil. Chomh maith leis sin, d'fhonn a chinntiú go gcuirfear maoiniú don earnáil faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) ar fáil i dtreo na réimsí cearta le tabhairt faoi na dúshláin atá rompu, tá sé tábhachtach do BIM saineolas teicniúil agus acmhainní a fhorbairt go háirithe don earnáil gabhála. Chun na róil sin a chomhlíonadh agus acmhainní BIM a fhorbairt chun tacú leis an Rialtas agus leis an earnáil, tá riachtanas ann bainisteoir, a bhfuil tuiscint dhomhain ar bheartas iascaigh áisiúnta agus AE aige/aici, a earcú agus a heidh in ann cuidiú le comhairle thráthúil a chur ar fáil.



## Freagrachtaí

- Sainchomhairle agus comhairle anailíse ar bheartas iascaigh náisiúnta agus AE a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus do Ranna Rialtais ábhartha eile chomh maith le gníomhaireachtaí stáit amhail Foras na Mara.
- Tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí ionadaíocha Tionscail agus do ghnólachtaí agus grúpa príomhpháirtithe leasmhara.
- Casadh go rialta le grúpaí ionadaíocha tionscail chun tuiscint a fháil ar na riachtanais agus dúshláin atá roimh an earnáil.
- Eolas agus léargais a scaipeadh chuig fóraim tionscail agus páirtithe leasmhara trí chuir i láthair, tuarascálacha agus páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus cruinnithe ábhartha.
- Grúpaí páirtithe leasmhara a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh de réir mar is gá.
- Tacaíocht theicniúil a chur ar fáil agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail faoin EMFAF de réir mar a bhaineann siad leis an earnáil gabhála.
- Ionchur a chur isteach i gcur i bhfeidhm phlean oibre BIM trí thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do thionscadail de réir mar is gá agus nuair is gá.
- Deiseanna maoinithe a lorg ar bhonn gníomhach do BIM maidir le tionscadail atá maoinithe ag R&D AE ar an mórscála a bhaineann leis an iascach gabhála lena n-áirítear faoin gclár Fís Eorpach.
- Tabhairt faoi dhualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Céim san Eolaíocht Iascaigh, dlí agus beartas na hEorpa nó disciplín gaolmhar.
- Taithí 10 mbliana ar a laghad ar bheith ag obair san earnáil gabhála nó i gcuideachta rialtais nó cuideachta phríobháideach a chuireann seirbhís ar fáil don earnáil gabhála nó ar bheith ag obair i réimse beartais iascaigh ábhartha AE, nó meascán den mhéid thuas.
- Scileanna comhoibrithe lena n-áirítear obair foirne, ag obair le foirne tionscadail dáilte agus forbairt líonra gairmiúil agus cruthúnas air sin.
- Ábalta a léiriú go bhfuiltear in ann tuarascálacha teicniúla agus doiciméid chomhairleacha a scríobh ar bhealach atá soiléir agus so-aimsithe.
- Roinnt taithí ar thacaíocht do Chustaiméirí a leanúint, ar bhainistiú fadhbanna, anailís ghnó agus bailiú riachtanas.
- Ábalta oibriú gan mhaoirsiú agus ábalta a léiriú go bhfuiltear in ann é sin a dhéanamh ar do chonláin féin.
- Ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ar gach leibhéal sa scríobh agus ó bhéal.
- • Taithí ar bhainistiú tionscadal agus ar ullmhú tograí tionscadal AE.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Eolas ar bheartas iascaigh AE chomh maith le heolas ar an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an AE/Ríocht Aontaithe.
- Eolas ar theicnící iascaigh agus ar na treochtaí is deireanaí maidir le teicneolaíocht trealaimh iascaireachta.
- Eolas ar chláracha maoinithe AE lena n-áirítear an EMFAF agus Fís Eorpach.



## Tréithe pearsanta  atá de dhíth don phost:

- Taithí a bheith ag obair i gcomhar le saineolaithe eile sa réimse ábhartha agus le baill d'fhoireann teicniúil.
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach.
- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus cumas a bheith ag obair go cáiréiseach le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a réiteach.

## Teagmhálaithe:

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Comhghleacaithe laistigh de ESSU agus ar fud BIM |
| Lasmuigh de BIM | DAFM, cliaint, Foras na Mara, SFPA, NGOnna comhshaoil, earnáil an oideachais tríú leibhéal. |
| Oiliúint | Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €79, 086 - €98, 559 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**23 Deireadh Fómhair 2024**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád Príomhoifigigh Chúnta agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*

Investors in Diversity SILVER